

Tíreolaithe,

Agus muid leath bhealach tríd Seachtain na Gaeilge 2020 cheap muid gur smaoineamh maith é ár gcuid scileanna Gaeilge a chleachtadh agus eagrán Gaeilge a dhéanamh de nuachtlitir na seachtaine seo. Mar aon le modúl a thairiscint trí Ghaeilge dár mic léinn 2BA, cuireann muid ranganna teagaisc trí Ghaeilge ar fáil fresin chuile Dé Ceadaoin dóibh siúd ar mian leo a gcuid modúil tíreolaíochta a phlé trí Ghaeilge.

#### **RESEARCH highlights**

Bhí Eugene Farrell agus Desiree Farrell i Stráid na Cathrach, Contae an Chláir le déarnaí mar chuid den 'Clean Coast Roadshow'. Chomh maith le cíoradh gairid a dhéanamh ar thábhacht rannpháirtíocht an phobail cósta, phlé siad tionchair aeráide agus athléimneacht aeráide leis an bpobal.

Bhí mac léinn PhD Adrienne Foreman agus mac léinn fochéime Raluca amuigh ar shaothar allamuigh i gConamara. Bhí said ag déanamh samplála ar charraig do dhátú beirilliam cosmogenic-10 san áit.

#### **TEACHING highlights**

Labhair iar-chéimí de chuid an MSc (Coastal and Marine Environments) Dearbala Jordan le mic léinn reatha an chúrsa faoi a cuid oibre le Comhairle Contae Mhaigh Eo agus CARO-Atlantic Seaboard North. Phléigh Dearbala cur i bhfeidhm beartas agus oiriúnú aeráide in Éirinn.

Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch nuair a chuaigh mic léinn an MSc ar thuras siar go Conamara an tseachtain seo caite. Bhí na mic léinn ag obair le Gesche Kindermann ar mhapáil bhithéagsúlachta i dtimpeallachtaí éagsúla cósta.

#### **Of note around Geography this week**

Chuir Maura Farrell agus Shane Conway cleachtais agus dul chun cinn Thionscadail EIP-AGRI na hÉireann i láthair le déanaí do ghrúpa mic léinn Francacha ó Ollscoil Paris Seine/Cergy-Pontoise. Bhí na mic léinn seo ag déanamh staidéir ar chéim Mháistreachta i Staidéar Eorpach agus Idirnáisiúnta.

#### **Upcoming talks**

Town Hall Theatre, 1.10in, Déardaoin (12 Márta)

Cainteoir: Dr Gordon Bromley

**Shaped by shock: How abrupt climate change helped  
mould Galway's landscapes**